

URNAÍ NA MAIDINE - 29 MÁRTA 2020

An Cuigiú Domhnach, Tráth an Charghais

Cruinniú Phobal Dé

ABAIRTÍ AS AN SCRÍOPTÚR

Ach cruthaíonn Dia an grá atá aige dúinn trí Chríost a fháil bháis ar ár son agus sinn fós inár bpeacaigh.

Rómh 5.8

Iomann Oscailt: CH104 “*O for a thousand tongues to sing*” (véarsaí 1, 2, 4 agus 6)

Éist agus bí ag canadh leis an iomann seo ag:

<https://www.youtube.com/watch?v=X-dEfz6Vms>

O for a thousand tongues to sing
my dear Redeemer's praise,
the glories of my God and King,
the triumphs of his grace!

Jesus! the name that charms our fears,
that bids our sorrows cease;
'tis music in the sinner's ears,
'tis life, and health, and peace!

He speaks; and, listening to his voice,
new life the dead receive;
the mournful broken hearts rejoice;
the humble poor believe.

My gracious Master and my God,
assist me to proclaim,
to spread through all the earth abroad
the honours of your name.

Charles Wesley (1707-88)

Táimid cruinnithe anseo
lenár n-adhradh agus ár moladh agus ár mbuíochas
a thairiscint do Dhia uilechumhachtach;
lenár bpeacaí a admháil agus le maithiúnas Dé a fháil,
le fógairt a bhriathair naofa a chloisteáil,
lenár riachtanais féin agus riachtanais an domhain mhóir a chur roimhe,
agus le guí air trí chumhacht a Spioraid
go ndéana muid seirbhís dó
ionas go mb'eol dúinn liacht a ghrá.

Admháimis ár bpeacaí do Dhia, dár nAthair Síoraí.

Tost

A Athair neamhaí
pheacaigh muid i d'éadan agus in éadan ár gcomhdhaoine
le smaoineamh agus le briathar agus le gníomh,
trí fhaillí, trí laige,
trínár gcoir agus trínár dtoil féin;
trína bhfuil déanta againn,
agus trínar theip orainn a dhéanamh.
Tá brón ó chroí orainn agus aithreachas as ár bpeacaí uile.

As ucht do Mhic Íosa Críost a fuair bás ar ár son,
tabhair maithiúnas dúinn ina bhfuil déanta;
agus deonaigh dúinn seirbhís a dhéanamh duit in úire na beatha
ar nós a mhéadóidh glóir d'ainm. Áiméan

A Thiarna na trócaire,
deonaigh do phobal dílis maithiúnas agus síocháin,
chun go nglantar ónár bpeacaí uile sinn,
agus go ndéana muid seirbhís duit le ciúnas aigne;
trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

Ag Fógairt agus ag Glacadh leis an Bhriathar

URNAÍ NA MAIDINE

Seasann cách

A Thiarna, oscail ár mbéal
Agus seinnfidh ár dteanga do mholadh.

A Dhia, tar go lúfar dár bhfuascailt.
A Thiarna, déan tapa dár dtarrtháil.

Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh:
Mar a bhí ar dtús, mar atá anois, agus mar a bheas go brách:
trí shaol na saol. Áiméan.

Molai gí an Tiarna:
Moltar ainm an Tiarna.

AN CHÉAD CHAINTIC

IUBILATE Salm 100

- 1 Gairdígí don Tiarna, a thíortha uile; ●
fónaigí don Tiarna go lúcháireach.
Tagaigí ina láthair le hamhráin áthais.
- 2 Bíodh a fhios agaibh gurb é an Tiarna is Dia ann. ●
Eisean a rinne sinn; is leis féin sinn.
Sinne a phobal agus caoirigh a pháirce.
- 3 Gabhaigí buíochas leis ag dul isteach ina dhoirse daoibh. ●
Siúlai gí isteach ina chúirteanna le cainticí.
Tugaigí moladh dó agus móraigí a ainm.
- 4 Nach maith é go deimhin an Tiarna; ●
maireann a bhuanghrá go brách. Is dílis é ó ghlúin go chéile.

AN CHÉAD LÉACHT

Eizicéil 37: 1-14

Leagadh lámh an Tiarna orm agus thug sé amach faoi luí spiorad an Tiarna mé. Chuir sé síos mé i lár gleanna a bhí lán de chnámha. Sheol sé thart mé ina measc; agus féach, bhí na múrtha acu ar an talamh ó cheann ceann an ghleanna, agus iad an-seargtha. Dúirt sé liom: “A mhic an duine, an féidir anam a theacht sna cnámha seo?” “Is agatsa atá a fhios sin, a Thiarna Dia,” arsa mise.

Dúirt seisean: “Tairngir thar na cnámha seo agus abair leo: A chnámha seargtha, éistigí le briathar an Tiarna. Seo mar a deir an Tiarna Dia leis na cnámha seo: Féach, cuirfidh mé anam ionaibh agus beidh sibh beo. Leagfaidh mé féitheacha oraibh, cuirfidh mé feoil ag fás oraibh, clúdóidh mé sibh le craiceann, cuirfidh mé anam ionaibh agus beidh sibh beo; agus tuigfidh sibh gur mise an Tiarna.”

De réir mar a ordaíodh dom, thairngir mé. Agus mé ag tairngreacht bhí tormán, sea, agus gliogarnaíl ann; agus tháinig na cnámha lena chéile. Nuair a d’amharc mé bhí féitheacha orthu, bhí feoil ag fás orthu agus bhí craiceann á gclúdach; ach ní raibh aon anáil iontu.

Dúirt sé liom ansin: “Tairngir don anáil; tairngir, a mhic an duine, agus abair leis an anáil: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Tar ó na ceithre ghaoth, a anáil, agus séid ar na marbháin seo chun go mbeidh siad beo.” Thairngir mé mar a dúradh liom agus tháinig an anáil isteach iontu. Bhí siad beo agus d’éirigh siad ina seasamh, slua ábhalmhór acu.

Dúirt sé liom ansin: “A mhic an duine, is iad na cnámha seo muintir Iosrael uile. Féach, deir siad: ‘Tá ár gcnámha seargtha agus ár ndóchas cailte; tá deireadh linn.’ Tairngir dá bhrí sin agus abair leo: Seo mar a deir an Tiarna Dia: Féach, a phobal liom, tá mé chun bhur n-uaigheanna a oscailt, chun sibh a thabhairt aníos as bhur n-uaigheanna, agus seolfaidh mé abhaile sibh go tír Iosrael. Tuigfidh sibh gur mise an Tiarna nuair a osclóidh mé bhur n-uaigheanna, nuair a thabharfaidh mé aníos sibh as bhur n-uaigheanna, a phobal liom. Cuirfidh mé mo spiorad ionaibh agus beidh sibh beo, agus socróidh mé sibh síos in bhur dtír féin. Ansin a thuigfidh sibh gur mise, an Tiarna, a labhair, agus gur mise a rinne é – an Tiarna a labhraíonn.”

Féadtar tost a choinneáil i ndiaidh na léachta.

SALM

Salm 130

- 1 As na duibheagáin a ghlaoidh ort, a Thiarna; ●
éist, a Thiarna, le mo ghuí.
- 2 Go n-éiste do chluasa go haireach ●
le mo ghlór ag impí ort.
- 3 Má fhéachann tú ár gcionta, a Thiarna, ●
a Thiarna, cé rachaidh slán?
- 4 Ach is leat na peacaí a mhaitheamh; ●
ionas go riarfaí go humhal duit.
- 5 Tá muinín ag m’anam as an Tiarna; ●
ar a bhriathar atá mo sheasamh.
- 6 Is foighní m’anam ag feitheamh leis an Tiarna,
ná lucht faire leis an maidin. ●
Bíonn lucht faire ag faire leis an maidin,
- 7 agus Iosrael leis an Tiarna, ●
de bhrí gur ag an Tiarna atá an trócaire,
agus an fhuascailt fhairsing.
- 8 Agus is é a dhéanfaidh Iosrael a fhuascailt ●
óna gcionta go léir.

AN DARA LÉACHT

Rómhánaigh 8: 6-11

Gabhann an bás leis an meon collaí ach is beatha agus síocháin a ghabhann leis an meon spioradálta. Is namhaid do Dhia an meon collaí mar nach ngéilleann sé do dhlí Dé agus nach féidir dó é; agus na daoine, atá faoi réir na colainne ní féidir dóibh Dia a shásamh.

Ní faoi réir na colainne atá sibhse, áfach, ach faoi réir an Spioraid más rud é go bhfuil Spiorad Dé lonnaithe ionaibh. Má tá duine gan Spiorad Chríost aige ní le Chríost é. Ach má tá Chríost ionaibh, más marbh féin bhur gcorp de bharr an pheaca, is beo bhur spiorad de bharr na fíréantachta. Go deimhin má bhíonn Spiorad an té a thóg Chríost ó mhairbh lonnaithe ionaibh, déanfaidh an té sin a thóg Chríost ó mhairbh bhur gcorp básmhar a bheoú trína Spiorad atá lonnaithe ionaibh.

Féadtar tost a choinneáil i ndiaidh na léachta.

An TE DEUM**Cuid a haon**

- 1 Molaimid thú a Dhia:
admhaímid gur tusa an Tiarna; ■
Adhrann an talamh uile thú:
an tAthair síoraí.
- 2 Is chugatsa a cheolann na hAingil uile,
na Flaithis agus a bhfuil de chumhachtaí iontu ■
Is chugatsa a cheolann de shíor na cearúibím agus na searaifím,
- 3 Naofa, naofa, naofa an Tiarna, Dia na gcumhachtaí: ■
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
- 4 Molann cuideachta ghlórmhar na n-aspal thú: ■
molann dea-chomhaltas na bhfáithe thú.
- 5 Molann arm glanuasal na mairtíreach thú: ■
an Eaglais naofa ar fud an domhain, admhaíonn sí thú.
- 6 An tAthair i do mhórgacht gan teorainn:
d'Aonmhac fírinneach fíor-onórach: ■
agus an Spiorad Naomh treoraí agus abhcóide.

Cuid a Dó

- 7 Is tú Rí na glóire, a Chríost. ■
Is tú an Mac síoraí ón Athair.
- 8 Nuair a ghabh tú ort ár gcorp le sinn a fhuascailt: ■
is í broinn na hÓighe a roghnaigh tú go humhal.
- 9 Rug tú bua ar gha an bháis: ■
agus chuir ríocht neimhe ar leathadh roimh lucht an chreidimh go léir.
- 10 Tá tú i do shuí i nglóir ar dheasláimh Dé: ■
creidimid go dtiocfaidh tú mar bhreitheamh orainn.
- 11 Tar mar sin, a Thiarna agus fóir ar do phobal, ■
a cheannaigh tú le luach d'fhola féin.
- 12 Tabhair i measc do naomh sinn ■
chun na glóire síoraí.

Cuid a Trí

- 13 Saor do phobal, a Thiarna, agus beannaigh d'oidhrecht: ■
bí á rialú, agus tabhair taca dóibh go brách.
- 14 Ó lá go lá beannaímid thú: ■
agus adhramid d'ainm de shíor.
- 15 A Thiarna, coinnigh sinn ó gach peaca inniu: ■
A Thiarna, déan trócaire orainn: déan trócaire orainn.
- 16 A Thiarna, taispeáin dúinn do ghrá is do thrócaire: ■
ós asat atá ár muinín.
- 17 Asatsa, a Thiarna, atá ár muinín: ■
ná ligtear ár náiriú go brách.

Iomann os comhair an tSoiscéil: CH293 “*Breathe on me, Breath of God*”

Éist agus bí ag canadh leis an iomann seo ag

<https://www.youtube.com/watch?v=871nwbJ3uV0>

Breathe on me, Breath of God,
fill me with life anew,
that I may love what thou dost love,
and do what thou wouldst do.

Breathe on me, Breath of God,
until my heart is pure;
until with thee I will my will
to do and to endure.

Breathe on me, Breath of God,
till I am wholly thine;
until this earthly part of me
glows with thy fire divine.

Breathe on me, Breath of God,
so shall I never die,
but live with thee the perfect life
for all eternity.

Edwin Hatch (1835-89)
bunaithe ar Iób 33: 4

AN TRÍÚ LÉACHT *ó na Soiscéil*

John 11: 1-45

Bhí duine áirithe tinn, Lazaras ó Bheatáine, baile Mháire agus Mharta a deirfiúr. Ba í an Mháire sin a raibh a deartháir Lazaras tinn anois, a rinne an Tiarna a unghadh le hola agus a thriomaigh a chosa lena gruaig. Chuir na deirfiúracha teachtaireacht chuige á rá: “A thiarna, féach, tá an té is ionúin leat tinn.”

Arna chloisteáil sin d’Íosa dúirt sé: “Ní chun báis an galar seo ach chun glóire Dé, chun go dtabharfaí glóir do Mhac Dé tríd.” Bhí cion ag Íosa ar Mharta agus ar a deirfiúr Máire, agus ar Lazaras. Nuair a chuala sé go raibh sé breoite, mar sin féin, d’fhan sé dhá lá mar a raibh sé. Ansin, tar éis an méid sin, dúirt sé lena dheisceabail: “Téimis go Iúdáia arís.”

Dúirt a dheisceabail leis: “A Mháistir, bhí na Giúdaigh ag iarraidh gabháil de chlocha ionat ó chianaibhín, agus an rachaidh tú chun na háite sin arís?”

D’fhreagair Íosa: Nach bhfuil dhá uair déag sa lá? Má shiúlann duine sa lá ní fhaigheann sé barrthuisle, mar feiceann sé solas an tsaoil seo. Ach má shiúlann sé san oíche, faigheann sé barrthuisle mar níl an solas sa duine sin.”

Sin é mar a labhair sé agus ansin dúirt sé leo: “Tá ár gcara Lazaras ina chodladh, ach táim ag dul á dhúiseacht.”

Dúirt a dheisceabail leis ansin: “Má tá sé ina chodladh, a Thiarna, beidh sé slán.”

Is ar a bhás a labhair Íosa, ach shíl siadsan gur ar shuan codlata a labhair sé. Dúirt Íosa leo go hoscailte ansin dá bhrí sin: “Tá Lazaras marbh; agus tá áthas orm ar bhur sonsa nach raibh mé ann, ionas go gcreidfeadh sibh. Ach téanam chuige.”

Ansin dúirt Tomás, ar a dtugtar an Leathchúpla, lena chomhdheisceabail: “Téanam, sinne chomh maith, chun bás a fháil in éineacht leis.”

Ar theacht d'Íosa dá réir sin, fuair sé é agus é ceithre lá cheana féin sa tuama. Bhí Béatáine timpeall chúig staid déag ó Iarúsailéim. Bhí cuid mhór Giúdach tagtha ag triall ar Mharta agus ar Mháire chun sólás a chur orthu i ndiaidh a ndearthár. Nuair a chuala Marta mar sin go raibh Íosa tagtha, chuaigh sí amach ina choinne. D'fhan Máire ina suí sa teach.

Dúirt Marta ansin le Íosa: “A Thiarna, dá mbeifeá-sa anseo ní bhfaigheadh mo dheartháir bás.

Ach tá a fhios agam anois féin, cibé ní a iarrfaidh tú ar Dhia, go dtabharfaidh Dia duit é.”

Dúirt Íosa léi: “Éireoidh do dheartháir arís.”

“Tá a fhios agam,” arsa Marta leis, “go n-éireoidh sé arís san aiséirí an lá deireanach.”

Dúirt Íosa léi: “Mise an t-aiséirí agus an bheatha; An té a chreideann ionamsa, fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé, agus gach duine a mhaireann is a chreideann ionamsa, ní bhfaighidh sé bás choíche. An gcreideann tú an méid sin?”

“Creidim, a Thiarna,” ar sí, “creidim gur tú Críost, Mac Dé, atá ag teacht ar an saol.”

Arna rá sin di, d'imigh sí agus ghlaoigh sí ar Mháire a deirfiúr gan fhios agus dúirt: “Tá an máistir anseo agus tá sé ag glaoch ort.” Nuair a chuala sise an méid sin d'éirigh sí go tapa agus chuaigh sí ag triall air. Óir ní raibh Íosa tagtha fós isteach sa bhaile ach bhí sé go fóill san áit inar bhuail Marta leis. Na Giúdaigh ansin a bhí sa teach i bhfochair Mháire ag cur sólais uirthi, nuair a chonaic siad Máire ag éirí agus ag imeacht amach go deithneasach, lean siad í á mheas gur ag dul chun an tuama a bhí sí le caoineadh a dhéanamh ann.

Nuair a tháinig Máire mar a raibh Íosa, agus go bhfaca sí é, chaith sí í féin ag a chosa, á rá leis: “A Thiarna, dá mbeifeá anseo ní bhfaigheadh mo dheartháir bás.”

Ansin nuair a chonaic Íosa ag gol í agus na Giúdaigh a tháinig in éineacht léi ag gol, tháinig suaitheadh spioraid agus buaireamh air, agus dúirt sé: “Cá bhfuil sé curtha agaibh?” Dúirt siad leis: “Tar, a Thiarna, agus feic.”

Bhris a ghol ar Íosa.

Dúirt na Giúdaigh dá bhrí sin: “Féach, cad é cion a bhí aige air!”

Ach dúirt cuid acu: “An té seo a d'oscail súile an daill, nach bhféadfadh sé chomh maith an duine seo a choimeád ón mbás?”

Tháinig suaitheadh arís ansin ar Íosa agus tháinig sé go dtí an tuama; pluais a ba ea é agus líog ina luí lena bhéal.

Dúirt Íosa: “Aistrígí an líog.” Dúirt Marta, deirfiúr an mhairbh leis: “Tá sé bréan faoin am seo, mar tá sé ceithre lá marbh.”

Dúirt Íosa léi: “Nach ndúirt mé leat: má chreideann tú go bhfeicfidh tú glóir Dé?”

D'aistrigh siad an líog ansin agus d'ardaigh Íosa a shúile agus dúirt: “A Athair, gabhaim buíochas leat gur éist tú liom; bhí a fhios agam féin go n-éisteann tú liom i gconaí; ach is ar son an tslua atá ina seasamh anseo i mo thimpeall, a labhair mé, chun go gcreidfíds gur chuir tú uait mé.”

Arna rá sin dó, ghlaoigh sé de ghlór ard: “A Lazaras, tar amach!” Agus tháinig an marbhán amach agus éadaí báis fillte ar a lámha agus a chosa agus brat ar a cheannaithe. Dúirt Íosa leo: “Scaoilígí é agus ligígí chun siúil é.”

Ansin a lán do na Giúdaigh a tháinig go Máire agus Marta agus a chonaic a ndearna sé, chreid siad ann.

Féadtar tost a choinneáil i ndiaidh na léachta.

AN TRÍÚ CAINTIC

BENEDICTUS *Amhrán Zacharía. Lúcas 1: 68-79*

- 1 Moladh don Tiarna, Dia Iosrael, ■
óir rinne sé a phobal a fhiosrú agus a fhuascailt;
- 2 agus thóg sé dúinn Slánaitheoir neartmhar ■
i dteaghlach Dháiví a sheirbhíseach –
- 3 de réir mar a labhair ■
trí bhéal a naomhfháidh anallód –
- 4 mar shaoradh dúinn ónár naimhde ■
agus óna láimh siúd uile ar fuath leo sinn,
- 5 ag déanamh trócaire mar sin ar ár sinsir, ■
agus ag cuimhneamh ar a thiomna naofa –
- 6 ar an mionn a mhionnaigh sé d’Abrahám ár n-athair – ■
go dtabharfadh sé dúinn,
- 7 tar éis ár saortha as láimh ár naimhde, ■
bheith ag seirbhís dó gan eagla,
- 8 i gcrábhadh agus i bhfíréantacht ina láthair ■
gach lá dár saol.
- 9 Agus tusa, a leanbh, glaofar ortsa fáidh an Té is Airde, ■
óir gluaisfidh tú roimh an Tiarna ag ullmhú a bhóthar,
- 10 ag tabhairt eolas an tslánaithe dá phobal ■
trí mhaithiúnas a bpeacaí
- 11 de chionn trócaire chroí ár nDé ■
a bhéarfaidh an Láchan dár bhfiosrú ó uachtar neimhe,
- 12 chun a soilsithe siúd atá ina suí sa dorchadas agus faoi scáil an bháis; ■
chun ár gcéimeanna a sheoladh i mbóthar na síochána.

CRÉ NA NASPAL

**Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach,
cruthaitheoir neimhe agus talaimh.
Creidim in Íosa Críost, Aonmhac Dé, ár dTiarna,
a gabhadh ón Spiorad Naomh,
a rugadh ón Mhaighdean Mhuire,
a d’fhulaing faoi Phontius Píoláit,
a céasadh, a fuair bás, agus a adhlacadh;
chuaigh sé síos go ríocht na marbh.
An tríú lá d’éirigh sé arís ó na mairbh;
chuaigh sé suas ar neamh,
agus tá sé ina shuí
ar dheis an Athar,
agus tiocfaidh sé arís chun breithiúnas a thabhairt
ar bheo agus ar mhairbh.
Creidim sa Spiorad Naomh,
sa Naomheaglais chaitliceach,
cumann na naomh,
maithiúnas na bpeacaí,
aiséirí na colainne,
agus an bheatha shíoraí. Áiméan**

Iomann: CH 513 “*O Christ, the Healer, we have come*”(vs. 1, 2, 4, 5)
Éist agus bí ag canadh leis an iomann seo ag

<https://www.youtube.com/watch?v=1O5vdLNE-Gw>

O Christ, the Healer, we have come
to pray for health, to plead for friends.
How can we fail to be restored,
when reached by love that never ends?

From every ailment flesh endures
our bodies clamour to be freed;
yet in our hearts we would confess
that wholeness is our deepest need.

In conflicts that destroy our health,
we recognise the world's disease;
our common life declares our ills:
is there no cure, O Christ, for these?

Grant that we all, made one in faith,
in your community may find
the wholeness that, enriching us,
shall reach the whole of humankind.

F. Pratt Green (1903-2000)

Guí an Phobail

Go raibh an Tiarna libh.
Agus leat féin.

Téann gach duine ar a ghlúine

Guímis

A Thiarna, déan trócaire.
A Chríost, déan trócaire.
A Thiarna, déan trócaire.

Ár nAthair, atá ar neamh,
go naofar d’ainm,
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil
ar talamh mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu.
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin.
Agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ón olc.
Óir is leatsa an ríocht, agus an chumhacht,
agus an ghlóir, trí shaol na saol. Áiméan.

Foilsigh do thrócaire, a Thiarna,
agus deonaigh dúinn do shlánú.

A Thiarna, treoraigh agus cosain ár rialtóirí
agus bronn an eagna ar ár rialtas.

Bíodh an fhíríantacht mar éadach ar do mhinistí
agus ligeadh do sheirbhísigh gáir áthais astu.

A Thiarna, saor do phobal
agus beannaigh an dream atá tofa agat.

Tabhair síocháin lenár linn, a Thiarna,

agus bíodh do ghlóir ar fud an talaimh.

A Dhia, cruthaigh croí glan ionainn
agus athnuaigh le do Naomhspiarad sinn.

NA hORTHAÍ

ORTHA AN LAE

A Dhia is trócairí,
a d'fhuascail agus a shlánaigh an domhan
trí bhás agus aiséirí do Mhic Íosa Críost:
Deonaigh gur trí mhuintín as sin a d'fhulaing ar an chros,
go raibh an bhua againn trína chumhacht chathréimeach;
trí Íosa Críost ár d'Tiarna. **Áiméan.**

ORTHA AN tSÉASÚIR

A Dhia uilechumhachtaigh
ós tú, trí d'aonghin Mhic, Íosa Críost,
a sháraigh an bás agus a d'oscail dúinn geata na beatha síoraí;
Iarraimid go humhal ort,
faoi mar a thagann tú romhainn le do ghrásta saineúil
ag cur mianta isteach inár n-aighe,
cabhair gan staonadh a thabhairt dúinn
chun críoch mhaith a chur ar na mianta céanna;
trí Íosa Críost ár d'Tiarna
a mhaireas i ríocht mar aon leatsa
agus leis an Spiorad Naomh,
aon Dia amháin go deo, trí shaol na saol. **Áiméan.**

URNAÍ NA MAIDINE

A Thiarna, ár nAthair neamhaí,
a Dhia shíoraí na gcumhachtaí,
tugaimid buíochas duit as ár dtabhairt slán go dtí an lá inniu:
Ná lig dúinn titim i bpeaca ná dul i gcontúirt,
agus tabhair treoir dúinn i ngach uile ní
do thoil a aithint agus a chur i ngníomh;
trí Íosa Críost ár d'Tiarna. **Áiméan.**

A Athair neamhaí,
ina mairimid, ina ngluaisimid agus inar ann dúinn:
Guímid go humhal thú
ár seoladh agus ár smachtú le do Spiorad Naomh
sa dóigh is nach ndéanaimid dearmad de do láthairse,
ach cuimhneamh gur ag siúl faoi do radharc atá muid i dtólamh;
trí Íosa Críost ár d'Tiarna. **Áiméan.**

Paidir an Ardeaspaig in am an Choróinvíris

A Dhia Uilechumhachtaigh agus Uileghrámhair,
Athair, Mac agus Spiorad Naomh ,
Guímis chugat trí Chríost an Lia Leighis,
ar son a bhfuil an coróinvíreas orthu,
in Éirinn agus ar fud an domhain.
Guímis ar son na ndaoine atá ag tabhairt aire do lucht an bhróin,
Cuimhnímid ar gach duine a cailleadh mar gheall ar an ghalar seo.
Deonaigh eagna dóibh siúd atá freagrach as polasaithe a dhéanamh,
scil do lucht taighde,
sólás go gach duine atá in anacair,
agus síocháin dúinn uilig sna laethe corracha, brónacha seo.
Iarraimid é seo in ainm Íosa Críost ár d'Tiarna,
a thug taise don díbeartach,

a ghlac leo sin a airíonn nach bhfuil glacadh leo
agus a thug grá don mhuintir nár ghráigh éinne eile. **Áiméan.**

Is féidir paidreacha agus altuithe a rá.

Iomann Deiridh: T&P 100 “*My hope is built on nothing less*”

Éist agus bí ag canadh leis an iomann seo ag:

<https://www.youtube.com/watch?v=RFktMLdeFac>

My hope is built on nothing less
than Jesus' blood and righteousness;
I dare not trust the sweetest frame,
but wholly lean on Jesus' name.

*On Christ, the solid rock, I stand -
all other ground is sinking sand,
all other ground is sinking sand.*

When darkness seems to hide his face,
I rest on his unchanging grace
in every high and stormy gale,
my anchor holds within the veil.

His oath, his covenant, his blood
support me in the whelming flood;
when all around my soul gives way,
he then is all my hope and stay.

When he shall come with trumpet sound,
O may I then in him be found,
dressed in his righteousness alone,
faultless to stand before the throne.

Edward Mote (1797-1874)

Ag Imeacht mar Phobal Dé

Beannaímis ainm an Tiarna.

Buíochas le Dia.

Go raibh grásta ár dTiarna Íosa Críost
agus grá Dé
agus cumann an Spioraid Naoimh linn go léir. **Áiméan.**

2 Cor 13.13